**'Ag spreagadh foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge'**."

## Clár Ábhar

Clár Ábhar ..... 1
CORMAC Ó HAODHA, EAGARTHÓIR FEASTA ..... 1
Síntiúsóirí FEASTA (formhór mór ár léitheoirí) ..... 2
AN BUISÉAD ..... 3
NÓTA BREISE ..... 4
MOLTAÍ AG FEASTA DON CHOMHCHOISTE GAEILGE ..... 4
CARTLANN FEASTA ..... 4
'DROICHEAD CUMARSÁIDE' ..... 5
LEABHARLANNA POIBLÍ NA TÍRE ..... 6

# CORMAC Ó HAODHA, EAGARTHÓIR FEASTA

Is mise Cormac Ó hAodha, Eagarthóir ar FEASTA ó mhí Eanair 2020 i leith. Is as Cúil Aodha i nGaeltacht Mhúscraí, Co. Chorcaí mé agus is sa Ghaeltacht sin atáim ag cur fúm inniu agus ag tógáil mo chlainn le Gaeilge Mhúscraí.

Thar ceann na hirise, **FEASTA**, táim buíoch don Chomhchoiste as an gcuireadh d'fháil labhairt libh inniu ar an ábhar:

**'Ag spreagadh foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge'**.

Tá baint ag **FEASTA** gan dabht le **'…. foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge'** ach is dócha go bhféadfaí a rá go bhfuil '**scríbhneoireacht na Gaeilge'** ina gné an-lárnach d'obair FEASTA ó bhliain a bunaithe 1948 i leith.

Ní do léitheoirí na Gaeilge amháin a fheidhmíonn FEASTA ach do scríbhneoirí na Gaeilge chomh maith. Cuireann FEASTA ardán **neamhspleách** ar fáil do scríbhneoirí cruthaitheacha na Gaeilge, ina dhiaidh sin a thagann an fhoilsitheoireacht agus na léitheoirí.

Cuirimid 'Reiviú den Smaointeachas Éireannach - Litríocht, Polaitíocht, Eolaíocht', trí mheán na Gaeilge ar fáil mar iris mhíosúil atá ar fáil ag éinne ar mian leo síntiús a thógaint linn.

Ní do léitheoirí na Gaeilge amháin a fheidhmíonn FEASTA ach do scríbhneoirí na Gaeilge chomh maith. Cuireann an iris ardán neamhspleách ar fail

**Síntiúsóirí** againn i 32 contae na hÉireann, i Sasana, sa Ghearmáin, sa Fhrainc, san Eilbhéis i gCeanada etc.
**Scríbhneoirí** againn atá ag cur fúthu i 32 contae na hÉireann, i dteannta cuid de na tíortha atá luaite agam díreach roimhe seo tá scríbhneoirí ag FEASTA san Astráil, sna Stáit Aontaithe, san Eilbhéis etc.

Déantar FEASTA a chló uair sa mhí i dTrá Lí, Co. Chiarraí.

Leagan páipéir, so-láimhsithe, taitneamhach daite a thagann uair sa mhí tríd an post ón Oifig an Phoist áitiúil i mBaile Mhic Íre in Gaeltacht Mhúscraí, is ea ón nGaeltacht agus ciallaíonn sé sin Éire faoin dtuath.

## Síntiúsóirí FEASTA (formhór mór ár léitheoirí)

***<u>Eagarfhocal Feasta - Eanair 2022</u>***

*"Fáilte go huimhir mhí Eanair de Feasta, an chéad eagrán den bhliain nua 2022 agus an 25ú eagrán*

> *faoi mo lámh mar eagarthóir. Ba mhaith liom focal buíochais a ghabháil libhse, a shíntiúsóirí dílse, as tacú leis an iris seo le linn an ama sin, agus roimis gan dabht, á coimeád sa tsiúl ag soláthar ardáin atá neamhspleách do scríbhneoirí agus do léitheoirí na Gaeilge, rud atá á dhéanamh ag an iris agus na daoine a thugann a dtacaíocht di, sibhse, ár síntiúsóirí, go leanúnach ó 1948."*

faoi fhorbairt phobail agus teanga na Gaeilge mar theanga labhartha sa phobal sin?

Tá síntiúsóirí againn i 32 contae na hÉireann, i Sasana, sa Ghearmáin, sa Fhrainc, san Eilbhéis i gCeanada etc.

Tá scríbhneoirí againn as gach cearn den tír, mná agus fir (gan dabht), agus scríbhneoirí ag FEASTA ó na tíortha atá luaite agam díreach roimhe seo chomh maith leis an Astráil, sna Stáit Aontaithe, an Eilbhéis etc.

Déantar FEASTA a chló uair sa mhí i dTrá Lí, Co. Chiarraí.

Leagan páipéir, so-láimhsithe, taitneamhach daite a thagann uair sa mhí tríd an post ón Oifig an Phoist áitiúil i mBaile Mhic Íre in Gaeltacht Mhúscraí, is ea ón nGaeltacht agus ciallaíonn sé sin Éire faoin dtuath, mar is eol daoibh.

## AN BUISÉAD

Níl córas agus riaradh búiséid na hirise casta ann féin.

Ar thaobh an Chaiteachais tá:-

<u>CAITEACHAS</u>

<u>Clódóireacht</u>
Deinimid meastacháin éagsúla a lorg ó am go ham, ach ní bhfuaireamar aon tairiscint níos sásúla go dtí seo ná an ceann atá againn ó na clódóirí reatha.

<u>Táillí d'Ealaíontóirí</u>
Clúdaíonn seo na híocaíochtaí ar eagarthóireacht agus dearadh
Clúdaíonn sé chomh maith íocaíochta do scríbhneoirí

<u>Costais Riaracháin</u>
Soláthairtí oifige (guthán, stáiseanóireacht srl.)

<u>Postas i leith Síntiúsóirí</u>
Is ar seachadadh FEASTA chuig na síntiúsóirí a chaitear an t-airgead seo. Tá costas trom ag baint leis seo, ach is sa phost atá FEASTA ag teastáil ó na síntiúsóirí féin. Níl acmhainn againn ach oiread faoi láthair chun díol as córas ar líne agus tá an easpa éilimh ar a leithéid ó na síntiúsóirí le cur san áireamh chomh maith.

<u>Margaíocht</u>
Is ag imeachtaí de chuid Chonradh na Gaeilge go príomha a thagaimid ar síntiúsóirí. Tá léiriú ar fáil sa nóta ar "Margaíocht" ar na modhanna oibre is éifeachtaí a oibríonn dúinn. Ar dóigh, bíonn an t-eolas atá i gcló san iris féin chun síntiúsóirí a mhealladh, in úsáid chomh maith agus tá méadú ag teacht i gcónaí ar an méad díobh a íocann a gcuid síntiús ar líne.

<u>IONCAM</u>
<u>Síntiúsóirí</u>
Táimid ag cur de réir a chéile le líon ár síntiúsóirí. Bhí sé an-deacair san a dhéanamh le dhá bhliain, toisc Covid. Toisc go n-íocann síntiúsóirí do thréimhsí bliana agus chun tosaigh ag an am, ní bheadh cuntasú ioncam de réir na míosa ró-thairbheach, ach coimeádaimid cuntas ar an méad ioncaim a bhíonn faighte chun tosaigh don bhliain dar gcionn.

<u>Fógraíocht</u>
Níl an oiread san spáis san iris d'fhógraíocht, gan cur isteach ar an méad ábhar ealaíonta atá uainn a chur ar fáil. Faoi láthair, chuirfeadh 4 leathanach breise go mór le costais chló, agus postais (gan trácht chostas áirithe sa bhreis ar eagarthóireacht, dearadh agus scríbhneoirí) agus ní féidir bheith muiníneach ach oiread go n-íocfadh fógraíocht bhreise ar chuid de na leathanaigh bhreise san as na costais bhreise, gach mí.

<u>Deontas – Conradh na Gaeilge</u>
Tugann an eagraíocht deontas €10,000 gach bliain agus tá deimhniú uathu gur mar sin a bheidh arís do 2023 mar chuid den iarratas seo

<u>An Chomhairle Ealaíon</u>
Tá cabhair na Comhairle riachtanach d'inmharthanacht na hirise. Táimid an-bhuíoch i gcónaí as an gcabhair a gheibhimid, fiú más ag brath ar rath a bheith ar ár n-iarratais ar mhaoiniú ó bhliain

go bliain ón gComhairle Ealaíon. De thoradh ar iarratais ar mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon, iarratas nach mór 40 leathanach ar fhaid, faigheann FEASTA thart ar €13,000 eile le cúpla bliain anuas, ach níl aon chinnteacht go bhfaighfí an t-airgead seo bliain i ndiaidh bliana.

## NÓTA BREISE

Is fuirist bheith uaillmhianach i dtaobh smaointe forbartha, ach ní mór bheith réadúil an t-am ar fad. Níl bonn airgeadais ar an iris a ligfeadh dúinn dul sa seans gan chuimhneamh ar cad é an toradh a bheadh ar aon fhiontar. Níl fáil go héasca ag aon iris Ghaeilge ar ioncam fógraíochta. Tá níos mó ná tuairimíocht éatrom sa mhéad san. Is fiú a chur san áireamh freisin gur bhunaigh Foras na Gaeilge ÁIS (Áisínteacht Dáiliúchán Leabhar) 30 bliain ó shin chun scaipeadh leabhair Ghaeilge agus irisí Gaeilge a fhorbairt. Thosnaíodar le leabhair agus bhíodar chun tabhairt faoi irisí a dhíol tar éis bliain nó dhó. Níor thosnaíodar ar an gcúram san go fóill.

Agus sinn ag ullmhú don iarratas is déanaí ar mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon, chuireamar *scenario* le chéile ina mbeadh méadú ar líon leathanach agus ar foinsí airgid a ligfeadh dúinn ábhar maith scríbhneoireachta a choimisiúnú agus d'fhéachamar go géar ar na léirmheasanna cabhracha atá curtha ar fáil ag an gComhairle Ealaíon le 3 bhliain anuas.

San leagan amach méadaithe san (agus ní haon éacht mhór a bheadh ann) is gá an méad seo a chur san áireamh. Níorbh fhéidir an bhreis oibre a bheadh ag baint le hioncam fógraíochta agus díolaíochta a aimsiú a leagan go hiomlán ar an bhfoireann deonach (beirt) atá ann faoi láthair. Theastódh fostú duine ar bhonn páirt aimsire chun tabhairt faoin gcuid is mó den riachtanas breise san. Bheadh sé deacair teacht ar a leithéid de dhuine.

In ainneoin chomh mór is a bheadh fonn orainn tabhairt faoin a leithéid, is rí-dheacair dúinn a shamhlú go mbeadh dúbailt ar an maoiniú ón gComhairle le cúpla bliain anuas ar fáil in aon léimt amháin.

## MOLTAÍ AG FEASTA DON CHOMHCHOISTE GAEILGE

### CARTLANN FEASTA

Slí líon síntiúsóirí/léitheoirí (& scríbhneoirí) a mhéadú ná ardán leictreonach FEASTA a fhorbairt.

Tá mórchuid de mhuintir na hÉireann tacúil do theanga na Gaeilge mar go dtuigeann siad gur cuid dá n-oidhreacht í – conas is féidir iad a chur ar an eolas faoi chás na Gaeilge sa Ghaeltacht agus sa tír mar theanga labhartha..... sin í an cheist.

Le go gcuirfí saothar scríbhneoirí FEASTA ó 1948 i leith os comhair mic léinn agus léachtóirí na Gaeilge i gColáistí agus in Ollscoileanna na tíre (an domhain) agus os comhair léitheoirí de gach saghas chaithfí cartlann leictreonach FEASTA a fhorbairt agus níl d'acmhainn ag an iris é seo a dhéanamh faoi láthair.

Is acmhainn mhór léitheoireachta do léitheoirí na Gaeilge atá ar fáil, tá na haltanna, na gearrscéalta, na haistí agus na dánta scríofa, ach an acmhainn sin a fhorbairt.

Bunaíodh FEASTA sa bhliain 1948.
Eagrán in aghaidh na míosa thar 74 bliain (Imleabhar 75 faoi láthair) = 888 iris Gaeilge

B'fhiú clárú a dhéanamh orthu seo agus iad a chur ar fail do léitheoirí na Gaeilge cosúil le bunachar sonraí 'acadúil' ar nós JSTOR www.jstor.org

## 'DROICHEAD CUMARSÁIDE'

Is annamh a bhíonn aon chaint sna nuachtáin mhóra náisiúnta ar cad é atá ag dó na geirbe do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge.

Ró-mhinic is tuairisciú a bhíonn gann ar bhuntuiscint agus 'patronising' dóibh siúd a mbíonn cúis gearáin acu, más mar shampla coinníoll teanga i gcúrsaí pleanála nó tithíochta sa Ghaeltacht etc.

***<u>Eagarfhocal FEASTA - Márta 2021</u>***

*"Tá géarghá* ***An Droichead Cumarsáide*** *seo a thógaint agus ní le humhlaíocht ná le cloíteacht, ní hea*

> *ná an diabhal é, ach ar mhaithe le rudaí dearfacha a bhaint amach.... ceann acu: tacaíocht mhuintir na hÉireann, is cuma cén teanga a labhrann siad, nó cá bhfuilid, ach a dtacaíocht don Ghaeilge a mhúscailt sara mbeidh níos mó caillte againn.... is gá dúinn bheith i bhfad níos radacaí mar Ghaeil(geoirí) áfach, i bhfad...*
>
> *Tá ag teip glan ar an stát in Éirinn aon deis labhartha, fostaíochta sa státseirbhís (is léir nó munar léir fan tamaillín beag eile agus chífir meáin an Bhéarla ag cur spéise sa scéal mar a deirim - mioscais etc.), ná aon deis fónaimh, tacaíochta ná taitnimh a bhaint as an nGaeilge a thabhairt do phobal na hÉireann.*
>
> *Sin ceann de na cúiseanna go bhfuil reachtaíocht teanga atá oiriúnach agus éifeachtach ag teastáil.*
>
> *Bhíothas ag plé reachtaíochta le déanaí arís i nDáil Éireann, ní nach ionadh a déarfá go mbeidís ag plé reachtaíochta, nach é sin a gcuid oibre go dtuileann siad luach saothair fial flaithiúil as, ach táim ag trácht go sonrach ar an bplé ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2019, maidir le leasú agus leathnú Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.*
> *A bhuí le háiseanna teicneolaíochta an lae inniu, bhíos á leanúint ar mo ríomhaire ar DáilTV.4*
>
> *Chuirfeadh sé ionadh agus díomá ar éinne a bheadh ag féachaint air.*
>
> *Ar ndóigh, ní raibh meáin Bhéarla na tíre ag bacaint leis mar scéal, amhail is nach raibh sé ag tarlú in aonchor, is dócha.*
>
> *Pé scéal é, chonac Teachtaí Dála ag déanamh moltaí chun leasa na Gaeilge sa tír thar ceann mhuintir na hÉireann. Más maith is mithid, adéarfá.*
>
> *Dá mbeadh sé seo á chlúdach ag meáin Bhéarla na hÉireann, i.e. na nuachtáin, na stáisiúin raidió agus teilifíse, creidim gur ionadh agus díomá a chuirfeadh sé ar an bpobal i gcoitinne. Is cinnte dá gclúdódh meáin Bhéarla na hÉireann an méid a bhí á phlé gur don chéad uair a chífeadh is a chloisfeadh sciar ollmhór de mhuintir na hÉireann, fírinne an scéil seo faoi theanga na Gaeilge in Éirinn inniu – sa tír ar fad, lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht agus ní bheidís*

> *ag brath ar thuairisciú ó fhuathóirí na Gaeilge atá neadaithe i meáin an Bhéarla chun leagan mí-ionraic den scéal a chur os a gcomhair, arís."*

Mar is eol daoibh, ní Béarla an t-aon teanga dála an scéil atá amuigh ansin na ní irisí, leabhair, nuachtáin etc. an Bhéarla amhain is cóir a bheith ag díriú orthu de shíor mar fhoinse ábhair ná mar sprioc ardáin.

## LEABHARLANNA POIBLÍ NA TÍRE

Tugann an stát, agus gach rialtas ó bhunú an stáit, aitheantas, tacaíocht agus cúnamh do theanga na Gaeilge - cén fáth ná tabharfadh?

Ná féadfadh an stát, agus an rialtas, tacú agus cabhrú le foilsiú agus soláthar irisí…. is ea irisí, ní tacú le haon iris amháin, ach éagsúlacht irisí…. tacú le héagsúlacht irisí Gaeilge.

Táim nach mór cinnte má théann tú isteach in aon leabharlann ar fud na hÉireann, bíodh sí faoi chúram na n-údarás áitiúil nó in Ollscoil nó in institiúid de shaghas amhain nó eile go mbeidh fáil ar chóip de nuachtáin náisiúnta an lae, irisí agus tréimhseacháin agus mar sin de agus seans cinn idirnáisiúnta chomh maith céanna agus is maith gan dabht go bhfuil sé seo amhlaidh.

Ach an bhfuil fáil ar nuachtáin/irisí na Gaeilge chomh fuirist céanna?

Níl!

An seanfhadhb chéanna **Éileamh vs. Soláthar**! Tá tuiscint ag an uile dhuine atá ag éisteacht liomsa anseo inniu ar an bhfadhb seo….. ach ar ndóigh taithí againn ar an bhfadhb leis.

Cén fáth nach féidir?

330 leabharlann phoiblí sa tír - dhéanfadh sé seo difríocht ana-mhór d'inmharthanacht irise Gaeilge ar nós FEASTA dá dtabharfadh an stát treoir do na leabharlanna poiblí, a fhaigheann a gcuid maoinithe ar fad ón stat, sintiús leanúnach a thógaint le foilseachán aitheanta Gaeilge.

An moladh, **in athuair**, ag FEASTA anseo inniu don Chomhchoiste seo ná:

Gur ceart don Chomhchoiste seo, Chomhchoiste na Gaeilge, a mholadh don Aire gur chóir maoiniú, trí Fhoras na Gaeilge, nó trí chainéal eile, a chur ar fáil **arís** do FEASTA, ar mhaithe le héagsúlacht irisí Gaeilge, éagsúlacht ábhar Gaeilge agus éagsúlacht ardán do scríbhneoirí agus do léitheoirí na Gaeilge inniu. Ní féidir linn, ceal acmhainní, an iris a mhéadú go e.g. 28/32/40 leathanach mar a bhíodh tráth) AGUS, ní féidir linn í a laghdú, mar ná beidh iris ann, más níos lú ná 20 leathanach a bheadh inti.